COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Déardaoin 21ú de Dheireadh Fómhair 2021**
**4.00in - 6.30in**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Déardaoin an 21ú de Dheireadh Fómhair ag 4.00 i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., P. Ó C., G. Uí C., C. Ó C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal ó:** Á. B., S. Ó T. agus P. S.

1. **Fáiltiú**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách. Ghuigh sé chuile rath ar obair an Bhoird don scoilbhliain úr. Mhol an Cathaoirleach obair pobal na scoile as a gcuid oibre agus dúthracht chun ionad slán sábháilte oideachais a chruthú agus a chur chun cinn ó thús na scoilbhliana. Bhí baill an Bhord d'aon ghuth go raibh siad ag iarraidh chuile rath a ghuí ar iar-dhaltaí na scoile a thug faoi scrúduithe na hArdteistiméireachta i mbliana. Rinne an Cathaoirleach gach bheannacht a ghuí ar phobal agus foireann na scoile don bhliain atá rompu. Chuir an Cathaoirleach fáiltiú roimh P. S., a toghadh mar ionadaí fireann na dtuismitheoirí

2. **Miontuairiscí**

Mhol P. Ó C. le cuidiú ó G. Uí C. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, mhol C. Ó C. le cuidiú ó P. Ó C. go nglacfar leo. Socraíodh gan na miontuairiscí a shíniú go dtí an chéad cruinniú eile nuair a bheith ball den Bhord i láthair. Scaipeadh roimh ré iad.

**3. Ag éirí as**

Ní raibh aon cheo ag eirí as na miontuairiscí.

**4. Cur i láthair ag C. Ó L., Ionadaí Sláinte & Sábháilteacht**

**A.** Rinne C. Ó L. cur síos ar a ról sa scoil don Bhord. Rinne sé cur síos ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacht úr. Thug sé eolas don Bord ar Measúnú Riosca, Druil Tine, Mapaí éagtha, Obair atá déanta aige le treoir ó James Glennon. Thóg sé ceisteanna ó bhaill an Bord.

**B.** Rinne C. Ó L. cur i láthair ar obair na foirne i dteannta le Claire Kilroy agus an grúpa atá ag obair ar Éiteas na scoileanna ETBI. Thaispeáin sé dóibh físeáin chun obair ar éiteas a léiriú don ghrúpa.

**5. Comhfhreagras**

Thug an Príomhoide cur síos ar na comhfhreagras agus Ciorclán éagsúla a bhí tágtha faoi bhráid na scoile ón gcruinniú is déanaí. A lán de na Ciorclán agus comfhreagras ón Roinn Oideachais, bhí scaipthe ar an mbord tríd ríomhphoist roimh ré.

**6. Tuairisc an Rúnaí**

**Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Cúrsa Sábháilteacht Idirlíne – Zeeko, Tuistí Bliain 1 – Treoir ar Codladh, Mhí-Úsáid Substaintí – Emmet Major, Traenáil Tag Rugbaí – Matthew Henderson, Blitz Sóisearach – Buachaillí agus Cailíní

Bliain 2: Cúrsa Sábháilteacht Idirlíne – Zeeko, Traenáil Tag Rugbaí – Matthew Henderson, Blitz Sóisearach – Buachaillí agus Cailíní

Bliain 3: Cúrsa Sábháilteacht Idirlíne – Zeeko, Traenáil Tag Rugbaí – Matthew Henderson, Díospóireacht Uí Chadhain, Blitz Sóisearach – Buachaillí agus Cailíní

Bliain 4: Cúrsa Garchabhrach – 3 lá, Tús curtha le obair Eoin Pól II, Turas Oidhreachta (Leitir Meallain agus Leitir Mór), Turas Eiceolaíochta, Junior Achievement Ireland (Raymond Fogarty - Údarás), Turas Cunga, Gaelbhratach, Blitz Peile Sinsearach, Drive 4 Life, Taithí Oibre, Coiste Gaeilge – Cruinniú le Stiofán Seoighe – Oifigeach Pleanála Teanga.

Bliain 6: Turas Eiceolaíochta (Rang Bitheolaíocht), Blitz Peile Sinsearach, Drive 4 Life, Lá Oscailte Mountbellew College, Coiste Gaeilge – Cruinniú le Stiofán Seoighe – Oifigeach Pleanála Teanga, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí Fíorúil - Bliain 6, Díospóireacht Uí Chadhain.

**Forbairt Gairmiúil**

Idirbhliain PDST – Marcus Ó Floinn – Foireann Teagaisc ar fad

Príomhoide agus Príomhoide Tánaisteach Féin Mheastóireacht le TJ Ó Ceallaigh – Seisiún Ar Líne

Cruinniú le Príomhoide agus Leas Príomhoide – BOOGR –

S. C. – Ionad Oideachais Trá Lí – Ideas et Resources en Francais – Terry O'Sullivan

M. M. – National Workshops for Eolaíocht agus Eolaíocht Talmhaíocht

Ionduchtú Scoile don Fhoireann ar fad

**Fás agus Forbairt**

**Tá 65 dalta cláraithe don scoilbhliain 2021/'22**

**Tá P. S. tofa mar ionadaí fireann na dtuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta.**

**Comhpháirtíocht agus Nascanna**

2 cruinniú le Joanne Frehill, NEPS, EWO, Stiofán Seoighe – Oifigeach Pleanáil Teanga, COGG, UCAS, Coiste Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach, Gael-Linn, BOOGR, Roinn Oideachais, Coimisiún an Scrúduithe Stáit, CNCM, Fostóirí na hIdirbhliana, Comhairle na dTuistí.

7. **Imscrúdú ar Torthaí na hArdteiste**

   Rinne an Príomhoide tuairisc a thabhairt ar Thorthaí na hArdteistiméireachta agus ar na cúrsaí éagsúla atá idir láimhe ag na daltaí anois. Déanadh anailís ar cháipéis na dtorthaí in aghaidh staitistic náisiúnta na hArdteistiméireacht. Bhí an t-eolas seo agus an cáipéis roinnte le baill an Bord ó Meán Fómhair 2021.

8. **Cur síos ar Dhualgaisí Freagrachta na Scoile**

   Rinne an Príomhoide cur síos ar Poist Dualgais reatha Coláiste Naomh Feichín. Bhí sleamhnán agus leabhrán eolas tugtha do na baill ar seo.

9. **Plé ar Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacht**

   Déanta le linn cur i láthair C. Ó L.

10. **Plé ar Polasaí Obair Bhaile agus Dialann Scoile**

Socraíodh go mbeadh tús curtha leis an bpróiseas athbhreithniú ar an bPolasaí seo láithreach.

**11. Tuairisc ó Choiste na dTuismitheoirí**

Thug G Uí C. aiseolas don Bhord ar thuairisc Coiste na dTuismitheoirí. Mhol an Cathaoirleach ionchur na dtuismitheoirí agus E. Uí M. as ucht a ndíograis.

**12. A. R. E**

Cuireadh faoi bhráid baill den Bhord Plean na scoile i dteannta le Stiofán Seoighe, Pleanálaí Teanga an Cheantar. Chuaigh an Príomhoide tríd an Plean agus an plean don scoilbhliain úr.

Le sin, cuireadh críoch leis an gcruinniú agus rinne an Cathaoirleach chuile rath a ghuí ar phobal na scoile.

Sínithe: Tomás Ó Toirdealbha    Dáta: 16/12/2021.

**Cathaoirleach**